Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3796

24.6.2024

**Caingean arna tabhairt an 8 Bealtaine 2024 – Versiontech v EUIPO – Verizon Trademark Services (VersionTech)**

**(Cás T-242/24)**

(C/2024/3796)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Versiontech, Inc. (Brooklyn, Nua-Eabhrac, na Stáit Aontaithe) (ionadaí: I. Díaz de Bustamante y Terminel, dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Verizon Trademark Services LLC (Washington, na Stáit Aontaithe)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh VersionTech – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 17 017 336

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealúcháin

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 6 Márta 2024 i gCás R 31/2023-1

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a aithint nach dócha go mbeidh mearbhall ar an bpobal ábhartha idir na comharthaí atá i gceist;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— cealú páirteach an trádmhairc atá i gceist a chúlghairm agus é a choimeád ina iomláine;

— a ordú don pháirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc na costais go léir a bhaineann leis an nós imeachta maidir le hiarraidh ar neamhbhailíocht, leis an nós imeachta achomhairc os comhair EUIPO agus leis an nós imeachta achomhairc os comhair na Cúirte a íoc.

## Saincheisteanna dlí

— Sárú ar Airteagal 60(1) arna léamh in éineacht le hAirteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.